

Polasaí Sábháilteachta

Coláiste Íde

Gaol le Ráiteas Misin & Éiteas na scoile

Ta dlúth cheangal idir an bpolasaí seo agus éiteas na scoile mar atá leagtha síos ag Iontaobhaithe Coláiste Íde sa Raiteas Misin. Cuireann Coláiste Íde timpeallacht sábhálta agus eagraithe ar fáil.

Scóp agus Aidhmeanna

Sábháilteacht, Sláinte agus leas na h-éinne atá rannpháirteach san Ionad oibre chomh maith le cúirteoirí a chinntiú chomh fada agus is féidir. ‘Siad seo na fostaithe go léir, daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí.

Cuirfear é seo i bhfeidhm trí:

- Cloí leis an reachtaíocht chuí a bhaineann le sábháilteacht.
- Guais a sheachaint agus measúnú a dhéanamh ar chontúirt.
- Bealach sábhálta a chur ar fáil isteach agus amach go dtí an choláiste.
- Fearas sábháilteachta agus éide cosanta a chur ar fáil.
- Modhanna oibre sábháilteachta, teoracha éigeandála, eolas agus traenáil a chur ar fáil chun cosaint a thabhairt don bhfoireann oibre agus na scoláirí.
- Éileamh ar chomhoibriú na foirne go léir agus tacaíocht a thabhairt dóibh ó thaobh Sláinte agus sábháilteachta de.

Dualgaisí Ginearálta an fhostóra

Go gcloínn an scoil leis an reachtaíocht iomlán agus na cleachtais is fearr a ghabhann leis.

Ráiteas sábháilteachta, éifeachtach a chur i bhfeidhm.

- Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar an ráiteas sábháilteachta.
- Contúirtí agus guaiseanna a aithint agus a mheasa go bliantúil.
- Cuntas a choimeád ar thimpistí agus conas iad a sheachaint sa todhchaí.
- Airgead a chur ar fáil do dheisiú, cothabháil agus traenáil.

Dualgas na bhfostaithe

- Aire réasúnta a thabhairt dóibh féin agus do dhaoine eile.
- Comhoibriú le bainistíocht na scoile.
- Úsáid a bhaint as na modhanna Sábhálta atá curtha ar fáil.
- Tuairisc a thabhairt ar locht agus dainséar láithreach.
- Caighdeán Sábháilteacha a chleachtadh.
- Féachaint chuige go n-iompraíonn na daltaí atá faoi a gcúram iad féin go sábhálta.

Guaiseanna

- Díobháil do Shláinte Dhaltaí, Múinteoirí, Feitheoirí agus oibritheoirí eile chomh maith le cuairteoirí chun na Scoile.
- Timpistí de bharr trealaimh, troscáin, struchtúr – mar shampla: céimeanna, staighrí.
- Dochar coirp agus aigne de bharr tromaíochta.
- Mí úsáid teicneolaíochta.
- Tine.
- Mí úsáid substaintí.

Aithníonn an ráiteas sábháilteachta na bagairtí, féidiréachtaí ar an n-aidhm thuas agus deineann sé gach iarracht na guaiseanna seo a laghdú.

Na seomraí Ranga

- Cinntiú go bhfuil go leor solais, teas, aerú.
- Spás oiriúnach do dhaltaí de réir treoracha na Roinne.
- An Cód Iompair a leanúint.
- An róta feitheoireachta curtha i bhfeidhm le linn briseadh / lón.
- Ionadaíocht má tá múinteoir as láthair.
- Socrófar aon locht nó aon damáiste do throscáin / Struchtúir nó trealaimh – déanfar tuairisc a chur go dtí an bainisteoir agus socrófar é chomh luath agus is féidir agus ní úsáidfear iad go mbeidh an locht socraithe.
- Seiceálfar go bhfuil na Seomraí glan agus in órd oiriúnach.
- Féachfar ar ghléasanna go mbeadh bagairt á leanúint muna bhfuilid ag obair i gceart. Mar shampla: Trealamh leictreachas / gás.

Seomra Eolaíochta

- Beidh an seomra ullmhúcháin agus stórais faoi ghlas i gcónaí.
- Beidh seomra na hEolaíochta faoi ghlas agus an eochair ag múinteoirí eolaíochta.
- Stop phointe do gás agus leictreachas ar eolas ag na daltaí.
- Gruaig ceangailte siar agus spéaclaí Sábháilteachta agus aprún a chaitheamh ag daltaí le linn triallacha, nuair is gá.
- Níl bia ná deoch ceadaithe ach amháin má táid á n-úsáid i dtriallacha.
- Gnáth rialacha an tseomra ranga i bhfeidhm ó thaobh iompair de.

- Úsáidtear trealamh plaisteacha chomh mór agus is féidir.
- Leanfar gnáth nós imeachta ó thaobh gloine, dóire bunsen agus gléasanna eile go bhfuil contúirt á leanúint.
- Stórálfar trealamh i mboscaí agus seilfeanna stórais.
- Tá bosca céad cabhrach ar fáil agus le feiscint go soléir
- Tá múchtóir tine agus pláinéad tine ar fáil agus le feiscint go soiléir.
- Tá dhá bhosca bruscair gnáth cheann agus ceann de ghloine. Follamhófar iad uair sa tseachtain.
- Maidir le h-aon timpistí, cuirfear in iúl don mhúinteoir é láithreach.
- Tá foirm lé líonadh faoin dtimpiste láithreach.
- Glan suas sár a fhágann tú an seomra.

Halla an staidéir

- Leanfar gnáth rialacha na seomra ranga ó thaobh iompair Sláinte agus sábháilteachta.
- Níl cead an staidéar a fhágaint gan cead múinteora nó feitheora.
- Níl cead leabhra, malaí trealaimh a bheith ‘sna pasáistí idir na binsí.
- Caithfear doirse na gcealtáin a bheith dúnta.
- Is bealach éalaithe é; tríd an staidéar agus tá sé seo foghraithe go soiléir agus le soilsíú oiriúnach.

Seomra na hEalaíne

- Fágtar cotaí agus malaí lasmuigh.
- Leanfar treoracha an mhúinteoir.
- Beidh an seomra faoi ghlas agus an eochair ag an múinteoir Ealaíne.
- Níl bia ná deoch ceadaithe sa tSeomra.
- Fág an seomra glan tar éis an ranga.
- Cuirtear na h-uirlisí go léir ‘sna boscaí ag deireadh an ranga.
- Caithtear aprún má tá péint, & rl. á úsáid.
- Coimeádtar na pasáistí lasmuigh glan i gconaí.

Seomra na Cócaireachta

- Beidh an seomra faoi ghlas agus an eochair ag an múinteoir Eacnamaíocht Bhaile
- Na sceana géara a bheith faoi ghlas i gcófra agus an eochair ag an múinteoir
- Cuirtear na stóil ar fad as an tslí ag tús an ranga
- Stop phointe do gás agus leictreachas ar eolas ag na daltaí.
- Bí cúramach agus sceana géara in úsáid agat.
- Ní ceart siúl timpeall riamh agus scian ghéar I do lámh agat
- Ní cheart riamh rith sa tseomra
- Bí cúramach nuair atá aon rud te á iompar
- Miotóga oigheann a úsáid agus mias te á thógaint ón oigheann agat
- Seastáin photaí a úsáid nuair ata mias nó potaí te á chur ar an mbord
- Ná cuir iarta gáis ar súil gan lastóir bheith i do lámh agat
- Ná cuir aon iarta ar siúl go dtí go mbíonn tú ar tí é a úsáid
- Ná láimhseáil fearas leictreach le lámha fliucha riamh
- Cas amach gach sorn ag deireadh an ranga
- Gruaig a bheith ceangailte siar agus srodra a bheith bainte agus lámh a ní
- Tá bosca céad cabhrach ar fáil agus le feiscint go soléir
- Tá múchtóir tine agus pláinéad tine ar fáil agus le feiscint go soiléir.
- Maidir le h-aon timpistí, cuirfear in iúl don mhúinteoir é láithreach.
- Tá foirm lé líonadh faoin dtimpiste láithreach.
- Glantóirí a úsáid sa seomra atá de réir an chaighdeán de (liosta a bheith ar fáil dóibh)

Cúirt Bhosco

- Ós rud gur Ionad pointe tine é, coimeádfar na pasáistí go dtí Cúirt Bhosco glan i gcónaí.
- Coimeádfar an dromchla imeartha agus na coscáin glan agus trim i gcónaí.
- Aon ghléasanna nó trealamh a usáidtear le linn Corp Oideachais déanfar é a chur ar ais taréis gach rang nó seisiún traenála.
- Déanfar ullmhú cóir roimh agus tar éis imeachtaí gleacaíochta.
- Daltaí atá ag glacadh páirt i Spóirt beidh orthu na h-éadaí cuí agus broga cuí a chaitheamh. Caithfidh uaireadóirí agus seodra baolach a bheith bainte.
- Beidh ar dhaltaí treoir a ghlacadh i gconaí ón múinteoir, feitheoir nó traenálaíthe - An Cód Iompair a leanúint.
- Ní cheadófar bia nó deoch in san áit imeartha riamh.
- Déanfar scrúdú ar an ionad ó am a chéile chun féachaint chuige go bhfuil suíocháin, binsí agus trealamh eile ag oibriú agus sábhálta.

Aslonnú Tine

Déantar an guais tine a sheachaint trí:

- An ceantar ar fad a choimeád néata agus soar ó ábhar so-lasta.
- Ábhar so-lasta a choimeád amach ó fhoinsí tine.
- Cuireann an scoil múchtóirí tine ar fáil ag áiteanna éagsúla sa scoil ina measc seomra eolaíochta, cócaireachta, seomra foirne, oifig, fáiltiú, halla caitheamh aimsire, seomra na sinsir agus an halla spóirt.
- Plainc éadaí tine i Seomra na h-Eolaíochta agus Cócaireachta.
- Deimhnítear de go bhfuil gach bealach éalaithe saor ó bhac ar bith i gcónaí.
- Déanfar Aslonnú tine go rialta chun nósanna imeachta a leanúint ar eagla go mbeadh tine ann. Coimeádfar cuntas ar seo.
- I gcás tine de, déanfaidh múinteoir / feitheoir deimhin de go bhfágfar an seomra go ciúin, go tapaidh agus go dtéitear go Cúirt Bhosco an Ionad tionóil agus úsáid a bhaint as an bealach éalaithe cuí.
- Tá na bealaí éalaithe seo marcalta go soiléir agus déanfar seic orthu go rialta.
- Na treoracha chomh maith le liosta ranga le feiscint go soiléir i ngach seomra ranga agus iad a thógaint i gcás tine
- Ní ligfear do aon dalta dul ar ais an scoil má tá an guais fós ann.
- Más gá, déanfar teagmháil leis na seirbhísí éigeandála.

Ag dul timpeall an fháinne

- Bí gléasta i gceart.
- Sínigh an leabhar lasmuigh don oifig.
- Bí cinnte go bhfuil duine éigin leat.
- Téir amach an doras tosaigh, síos an aibhinne
- Bí cúramach ar an mbóthar toisc go mbíonn gluaisteáin ann.
- Siúl i ngrúpa beaga
- Siúl ar thaobh na láimhe deise don mbóthar.
- Tabhair aire ag dul timpeall na gcúinní.
- Bí ag faire amach an t-am ar fad do ghluaisteáin.
- Ná bí ag pleidhcíocht ar eagla go dtarlódh timpiste.
- Níl cead agat coinne a dhéanamh le h-éinne chun bualadh leo agus tú ag dul timpeall.
- Ní féidir leat dul timpeall an fháinne ach ag amanta áirithe den bhliain i.e. nuair a bhíonn solas ceart ann ar son sábháilachta.
- Níl cead ag bliain 1 nó 2 dul timpeall an fháinne riamh.

Lasmuigh

Tá áiteanna áirithe nach bhfuil cead ag daltaí dul ann riamh mar shampla: an choill, clós na stáblaí, an trá Coimeádfar Páilaí, cosáin réidh agus déanfar cinnte ná h-éiríonn siad sleamhain in aimsir fhliuch nó aimsir seaca.

- Leanfar nós imeachta ag dul nó ag teacht ó bhusanna, chun sábháltacht gach éinne a chinntiú.
- Cuirfear smacht ar luas ag teacht nó ag imeacht go dtí an scoil.

Laistigh

- Tá polasaí ag an scoil chónaithe faoi dhaltaí atá breoite nó go bhfuil orthu dul go dtí an Comhairleoir nó an dochtúir i rith an lá scoile.
- Tá polasaí ann maidir le úsáid na teicneolaíochta gréasáin idirlíon & rí a chuireann le sábháilteacht agus sláinte an dalta.

Leasa na bhfostaithe

Ag teacht le reachtaíocht agus deá- chleachtas caidrimh tionscailíochta, déanfar cur chun cinn air

- Cumarsáid agus an tslí a theann fostóirí agus fostaithe i gcomhairle le chéile
- Ionad sítheach ina bhfuil meas agus cumarsáid oscailte a chothú
- Is é polasaí na scoile ná go mbeidh bainistíocht na scoile báúil le béim ar éisteacht
- Tugann nósanna imeacht cosaint don idirbheartaíocht agus bíonn siad seo soiléir agus simplí le leanúint agus cóir do gach páirtí
- Cuirfear ionduchtú ar fáil do mhúinteoirí nua agus do hionadaithe atá ag tosnú ag teagasc sa scoil
- Sé cultúr na foirne ná go mbeadh béim ar an nGaeilge agus ar éiteas na scoile agus ar chumarsáid oscailte agus ar rannpháirteachas í gcónaí
- Leanfar nós imeachta chun déileáil le strus agus tromaíocht de réir na céimeanna seo
 1. An fhadhb a phlé go príobháideach le duine don bhfoireann
 2. An fhadhb a phlé le múinteoir nó comhairleoir neamhspleách ainmnithe
 3. Rachfar go dtí an Príomhoide, Maor Scoile nó duine neamhspleách eile chun idirbheartaíocht a dhéanamh idir na páirtithe atá i gceist
 4. gearán oifigiúil scríofa go dtí an Bord Bainistíochta
 5. tacaíocht a fhail dá chéile
 6. beidh daoine curtha ar an eolas fé na seirbhísí ata le fáil de réir an reachtaíocht cuí

ASLONNÚ SEOMRA RANGA

Ar theacht ar dhóiteán duit, tabhair an comhartha rabhaidh dhóiteáin ar an toirt.

Ar chloisint an rabhadh dóiteáin duit:

1. Coinnigh an tost agus fan le h-ordaithe imeachtaí ón múinteoir.
2. Fág an seomra, i líne singil ag tosnú leis na daoine is cóngaraí don doras. Ná rith.
3. Téigh i líne singil tríd an doras is cóngaraí go dtí an t-ionad cruinnithe i gcúirt Bhosco agus seas i líne le'd rang.
4. Nuair a shroicheann tú an t-ionad cruinnithe fan ann agus freagair an Rolla.
5. Aon duine nach bhfuil sa seomra ranga nuair a tugtar an rabhadh, téadh sí láithreach go dtí an h-ionad cruinnithe agus seasadh sí lena rang féin.
6. Nuair atá an Rolla glaoite agus go bhfuil tuairisc ar gach dalta cuireann an múinteoir nó an dalta atá i bhfeighil, an méid sin in iúl don Phríomhoide láithreach.
7. Fanann na ranganna le fógra chun dul isteach sa choláiste arís.
8. Ar aon chúis níor cheart d'éinne Cúirt Bhosco a fhágaint gan cead ón bPríomhoide.
9. Ag fágaint an choláiste duit, má tá an deatach ana –thiubh ní mór lámhachann ar do lámha agus ar do ghlúine agus bíodh tadhall agat i gcónaí leis an duine ós do chomhair.
10. Má cheapann an múinteoir i bhfeighil gur féidir an tine a smachtú le cabhair múchtóir tine, is féidir léi / leis ordú do dhálta sinsir nó ball eile den fhoireann iarracht a dhéanamh ar an ndóiteán a smachtú.
11. Ach má tá sé do-dhéanta an tine a cheansú le múchtóir tine, fág an tine tríd an doras is cóngaraí. Ná caill do cheann.
12. Agus tú ag fágaint seomra, féach chuige go bhfuil na fuinneoga agus an doras dúnta id dhiaidh. Má tá tú i seomra na cócaireachta nó seomra na h-eolaíochta, cas as an príomh lasc-gas agus leictreachas.
Ar feadh an ama:
Bí id thost.
Ní bí ag rith.
Ná teir thar éinne.
Ná fill ar ais ar an dtigh.
Ná caill do cheann.

Má fheiceann tú tine:

1. Tabhair an rabhadh trí “Tine”, “Tine”, “Tine” a ghlaoch.
2. Inis do bhall den bhfoireann nó do cheannaire cá bhfuil ionad na tine.
3. Tabhair faoin tine a mhúchadh tú féin má cheapann tú go bhfuil san ar do chumas.
4. Ba cheart go nglaoíodh an chéad duine den fhoireann a chloiseann faoin tine ar an mbriogáid dóiteáin.

Uimhir Guthán: 999 nó 112

5. **Ná rith timpeall na h-áite, siúl go réidh agus dein deimhin de go bhfuil eolas ag gach duine faoin tine.**
6. **Fan socair.**



RÁITEAS SABHÁILTEACHTA

Ráiteas oifigiúil é seo ó Bhainistíocht Choláiste Íde, á chur in iúl gur mian leo na tosaí oibre is fearr atá ar a gcumas a chur ar fáil don lucht oibre de réir an Acht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa san Ionad Oibre (1989). Is ar bhonn an Ráiteas seo a shocrófar aon cheist i dtaobh sláinte nó sábháilteachta i gcás na n-oibrítheoirí go hindibhidiúil nó mar ghrúpa.

- 1) Glacann Bainistíocht Choláiste Íde freagracht as leas ginearálta na foirne uile.
- 2) Crochfaidh Bainistíocht Choláiste Íde an Ráiteas seo sa seomra foirne agus in áiteanna eile a éilíonn an t-Ionadaí Sábháilteachta.
- 3) Aithníonn Bainistíocht Choláiste Íde ceart na foirne chun Ionadaí Sábháilteachta as a measc féin a thogha agus tugann siad aitheantas do chearta an duine tofa san faoin acht thuas luaite.
- 4) Glacann Bainistíocht Choláiste Íde orthu féin, chomh fad agus is féidir leo é, na nithe seo leanas a dhéanamh: -
 - Áit sábháilte oibre a chur ar fáil do gach fostaí.
 - Bealach sábháilte go dtí an t-Ionad oibre agus amach uaidh a chur ar fáil.
 - Tré chothabháil rialta, deá-ord a bheith ar fhearaistí eolaíochta, cócála agus feirmeoireachta.
 - Oilíúint a chur ar fáil, nuair is gá é, do dhaoine a mbíonn orthu substaintí nó innealra dainséarach a úsáid.
 - Pleananna éigeandála agus tine a thabhairt suas chun dáta go rialta.
 - Áiseanna céad-chabhrach a bheith ar fáil agus duine ainmnithe in a mbun.
- 5) Ach fógra a bheith tugtha aige roimh ré ag an Ionadaí Sábháilteachta, glacann Bainistíocht Choláiste Íde leis go bhfuil sé de cheart aige na háiseanna a scrúdú agus iniúchadh a dhéanamh ar ghearáin ó bhaill na foirne agus aire an Fhostóra a dhíriú orthu len a réiteach.
- 6) Geallann Bainistíocht Choláiste Íde cruinniú a bheith ann go rialta leis na Ionadaí Sábháilteachta i dtaobh na gcúinsí go léir atá faoi réir an Achta thuas luaithe. Gach taobh a bheith ag réiteach maidir le ham agus dáta na gcrúinnithe.
- 7) Creideann Bainistíocht Choláiste Íde, agus an Ráiteas thuas a dhéanamh, go bhfuilid ag comhlíonadh mír 12 (fó-mhír 2) d'Acht na bliana 1989.

Síniú an Fhostóra: _____

Foirm Timpistí
Coláiste Íde
Baile an Ghóilín, An Daingean, Co Chiarraí
Cuntas ar thimpist a tharla sa Choláiste

Dáta _____ Am _____

Achomair ar cad a bhí ag tarlú roimh an timpiste

An tslí ar tharla an timpist

Finnéithe

Tuairisc ón nduine i gceannas

Ainm & seoladh an duine a bhí sa timpist

Ainm _____

Seoladh _____

Guthán _____